



DÁIL ÉIREANN

Dé Máirt, 15 Deireadh Fómhair, 2019
Tuesday, 15th October, 2019

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Dé Máirt, 15 Deireadh Fómhair, 2019
Tuesday, 15th October, 2019

2 p.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

17. Tairiscint *maidir le* Róta na nAirí i gcomhair Ceisteanna Parlaiminte.
Motion *re* Ministerial Rota for Parliamentary Questions.
18. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (alt 60(6)) (Banc Ceannais na hÉireann), 2019 [*Arna breithniú ag an gComhchoiste um Airgeadais, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus Taoiseach an 1 Deireadh Fómhair, 2019*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Data Protection Act 2018 (section 60(6)) (Central Bank of Ireland) Regulations 2019 [*Considered by the Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach on 1st October, 2019*].
19. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019 [*Arna breithniú ag an gComhchoiste um Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán an 24 Meán Fómhair, 2019*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Official Languages Act 2003 (Public Bodies) Regulations 2019 [*Considered by the Joint Committee on the Irish Language, the Gaeltacht and the Islands on 24th September, 2019*].
20. Tairiscint *maidir le* Buan-Orduithe 23 agus 140.
Motion *re* Standing Orders 23 and 140.
21. An Bille um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019 [*Seanad*] — Rún Airgeadais.
Parent's Leave and Benefit Bill 2019 [*Seanad*] — Financial Resolution.
1. An Bille um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Parent's Leave and Benefit Bill 2019 [*Seanad*] — Second Stage.
2. An Bille um Shláinte agus Tacaíocht Cúraim Leanaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2019 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Health and Childcare Support (Miscellaneous Provisions) Bill 2019 [*Seanad*] — Second Stage.

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

2252

- 250.** Tairiscint *maidir leis* an bPá Maireachtála.
Motion *re* the Living Wage.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí ón Seanad: Bills from the Seanad

1. An Bille um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Parent's Leave and Benefit Bill 2019 [*Seanad*] — Second Stage.

2. An Bille um Shláinte agus Tacaíocht Cúraim Leanaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2019 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Health and Childcare Support (Miscellaneous Provisions) Bill 2019 [*Seanad*] — Second Stage.

3. An Bille Leasa Shóisialaigh, 2019 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Social Welfare Bill 2019 [*Seanad*] — Second Stage.

4. An Bille um Lá na Faisnéise Neamhspleáchais, 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Declaration of Independence Day Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

5. An Bille um Neamhord Speictream an Uathachais, 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Autism Spectrum Disorder Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

6. An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2016 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Mental Health (Amendment) Bill 2016 [*Seanad*] — Second Stage.

7. An Bille Oideachais (Leas) (Leasú), 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Education (Welfare) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

8. An Bille um Chlárú Uachtanna, 2016 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Registration of Wills Bill 2016 [*Seanad*] — Second Stage.

9. An Bille um Mionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara, 2018 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Perjury and Related Offences Bill 2018 [*Seanad*] — Second Stage.

10. An Bille um Dhiamhasla (Cionta a Chealú agus Nithe Gaolmhara), 2019 [*Seanad*] — An

Dara Céim.

Blasphemy (Abolition of Offences and Related Matters) Bill 2019 [*Seanad*] — Second Stage.

-
11. An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Chinntí ar Bhearta Maoirseachta), 2019 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Criminal Justice (Mutual Recognition of Decisions on Supervision Measures) Bill 2019 [*Seanad*] — Second Stage.

-
12. An Bille um Fhorbairt Tionscail (Leasú), 2019 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Industrial Development (Amendment) Bill 2019 [*Seanad*] — Second Stage.

Billí a thionscnamh: Initiation of Bills

*Tíolactha:
Presented:*

13. An Bille um an Dlí Teaghlaigh, 2019 — Ordú don Dara Céim.
Family Law Bill 2019 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989; do leasú an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996; do leasú an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010; do dhéanamh socrú, i gcás go dtarlódh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as comhaltas den Aontas Eorpach gan comhaontú idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach faoi Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach lena leagfar amach na socruithe le haghaidh tarraingt siar den sórt sin, maidir le haitheantas a thabhairt do cholscarthaí, idirscarthaí dlíthiúla agus neamhnithe pósta áirithe arna ndéonú sa Ríocht Aonaithe nó i nGiobráltar; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe goilmhara.

Bill entitled an Act to amend the Judicial Separation and Family Law Reform Act 1989; to amend the Family Law (Divorce) Act 1996; to amend the Civil Partnership and Certain Rights and Obligations of Cohabitants Act 2010; to make provision, in the event of the withdrawal of the United Kingdom from membership of the European Union occurring without an agreement between the United Kingdom and the European Union under Article 50 of the Treaty on European Union setting out the arrangements for such withdrawal, for the recognition of certain divorces, legal separations and marriage annulments granted in the United Kingdom or Gibraltar; and to provide for related matters.

—*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

-
14. An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Toghcháin Uachtaráin), 2019 — Ordú don Dara Céim.
Thirty-ninth Amendment of the Constitution (Presidential Elections) Bill 2019 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht chun an

Bill entitled an Act to amend the

Bunreacht a leasú.

Constitution.

—*An Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.**Tabhairt Isteach:*
*Introduction:***15.** An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta (Leasú), 2017 — An Chéad Chéim.
International Protection (Amendment) Bill 2017 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú chun a cheadú do dhaoine atá ag déanamh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta fostaíocht a lorg agus dul i bhfostaíocht, laistigh den Stát; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for allowing persons applying for international protection to seek and enter employment within the State; and to provide for related matters.

—*Jonathan O'Brien.***16.** An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Ceannaitheoirí Céaduaire), 2019 — An Chéad Chéim.
Planning and Development (Amendment) (First-Time Buyers) Bill 2019 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 chun socrú a dhéanamh maidir le céatadán sonrath de thailte i bhforbairt phríobháideach a bheith teoranta lena gceannach ag ceannaitheoirí céaduaire agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend the Planning and Development Act 2000 to provide for a specific percentage of lands in a private development to be limited for purchase by first-time buyers and to provide for related matters.

—*Darragh O'Brien.**Fógraí Tairisceana: Notices of Motions*

17. “D’ainneoin aon ní in Ordú an 12 Nollaig 2017 ón Dáil inar leagadh amach an róta ar dá réir a chuirfear Ceisteanna chun comhaltaí den Rialtas, go ndéanfar Ceisteanna le haghaidh freagra ó bhéal, a leanfaidh iad sin is neasa a bheidh curtha síos don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, a chur síos d’Airí san ord sealadach seo a leanas:

That, notwithstanding anything in the Order of the Dáil of 12th December, 2017, setting out the rota in which Questions to members of the Government are to be asked, Questions for oral answer, following those next set down to the Minister for Children and Youth Affairs, shall be set down to Ministers in the following temporary sequence:

An tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Minister for Employment Affairs and Social Protection

An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail

Minister for Rural and Community Development

agus air sin leanfar den ord a bunaíodh le hOrdú an 12 Nollaig 2017, le Ceisteanna chun an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

whereupon the sequence established by the Order of 12th December, 2017, shall continue with Questions to the Minister for Housing, Planning and Local Government.”

—*An Teachta Seán Ó Cadhain, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

18. “Go gceadaíonn Dáil Éireann na Rialacháin seo a leanas ina ndrúacht:

Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (alt 60(6)) (Banc Ceannais na hÉireann), 2019,

ar leagadh cóip díobh ina ndrúacht faoi bhráid Dháil Éireann an 20 Meán Fómhair 2019.

That Dáil Éireann approves the following Regulations in draft:

Data Protection Act 2018 (section 60(6)) (Central Bank of Ireland) Regulations 2019,

a copy of which was laid in draft form before Dáil Éireann on 20th September, 2019.”

—*An tAire Airgeadais.*

19. “Go bhfaomhann Dáil Éireann na Rialacháin seo a leanas ina ndrúacht:

Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019,

ar leagadh cóipeanna díobh ina ndrúacht roimh Dháil Éireann an 18 Meán Fómhair 2019.

That Dáil Éireann approves the following Regulations in draft:

Official Languages Act 2003 (Public Bodies) Regulations 2019,

copies of which were laid in draft form before Dáil Éireann on 18th September, 2019.”

—*An tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.*

20. “Go ndéanfar, de réir mholadh an Fhochoiste ar Athleasú na Dála faoi Bhuan-Ordú 107(1)(a), Buan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí a leasú, le héifeacht ón 15 Deireadh Fómhair 2019, mar a leanas:

(a) i mBuan-Ordú 23, i mír (1), trí fhomhír (a) a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur ina hionad:

‘(a) gach Máirt, tráth nach déanaí ná 10 p.m.,’ agus

(b) i mBuan-Ordú 140, trí mhír (1) a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur ina hionad:

‘140. (1) Stopfar gnó Rialtais nó Gnó Príobháideach, de réir mar a bheidh,

That, in accordance with the recommendation of the sub-Committee on Dáil Reform under Standing Order 107(1)(a), the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business be amended, with effect from 15th October, 2019, as follows:

(a) in Standing Order 23, in paragraph (1), by the deletion of subparagraph (a) and the substitution of the following:

‘(a) every Tuesday, not later than 10 p.m.,’ and

(b) in Standing Order 140, by the deletion of paragraph (1) and the substitution of the following:

‘140. (1) Government business or Private Business, as the case may be, shall be

chun gnó comhaltaí príobháideacha a thógáil ar feadh dhá uair an chloig—

- (a) ar an Máirt, ar ghnó Rialtais a thabhairt chun críche, nó ar 8 p.m., cibé acu is luaithe, agus
- (b) ar an gCéadaoin, díreach tar éis saincheisteanna tráthúla faoi Bhuan-Ordú 29A: Ar choinnioll go bhféadfaidh an Coiste Gnó, i gcás gur dóigh go ndéanfar vótálacha ar ghnó Rialtais, a chinneadh go dtógfáir an gnó Rialtais an tráth sin agus go ndéanfar gnó comhaltaí príobháideacha a chur siar go dtí 8.15 p.m.:

Ar choinnioll, i gcás go mbeidh cead tugtha tairiscint a dhéanamh faoi Bhuan-Ordú 34, go mbeidh tosach ag an tairiscint sin.’

interrupted to take private members’ business for two hours—

- (a) on Tuesdays, on the conclusion of Government business, or at 8 p.m., whichever is the earlier, and
- (b) on Wednesdays, immediately following topical issues under Standing Order 29A: Provided that the Business Committee may, where divisions on Government business are likely to occur, decide that the Government business will be taken at that time and the private members’ business deferred until 8.15 p.m.:

Provided that, where leave has been given to make a motion under Standing Order 34, such motion shall have priority.’”

—*An Teachta Seán Ó Cadhain, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

21. An Bille um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019 [*Seanad*] — Rún Airgeadais. Parent’s Leave and Benefit Bill 2019 [*Seanad*] — Financial Resolution.

“GO ndéanfar alt 126 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39 de 1997) a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo chun foráil a dhéanamh maidir le méideanna a bheidh le híoc ar scór sochar tuismitheora faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a measfar gur brabúis nó gnóchain iad a eascraíonn nó a fhabhraíonn ó fhostaíocht agus gur díolaíochtaí iad lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

THAT section 126 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997) be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution to provide for amounts to be paid on foot of parent’s benefit under the Social Welfare Acts to be deemed to be profits or gains arising or accruing from an employment and to be emoluments to which Chapter 4 of Part 42 of the Taxes Consolidation Act 1997 applies.”

—*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.*

22. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tuarascáil ón Taoiseach agus Aire Cosanta maidir le seirbhís ag Óglaigh na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe in 2015, ar leagadh

That Dáil Éireann approves the report by the Taoiseach and Minister for Defence, regarding service by the Defence Forces with the United Nations in 2015, copies of which

cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 9 Meán Fómhair 2016, de réir alt 13 den Acht Cosanta (Leasú), 2006.

were laid before Dáil Éireann on 9th September, 2016, in accordance with section 13 of the Defence (Amendment) Act 2006.”

—*An Taoiseach agus Aire Cosanta.*

23. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Toghchán dar teideal ‘An Tuarascáil Deiridh’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 16 Deireadh Fómhair 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care entitled ‘Final Report’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 16th October, 2018.”

—*James Browne,*
Vice-Chairman of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care.
[18 October, 2018]

24. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le soláthar Ranganna Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais agus Ranganna Speisialta i scoileanna príomhchineáil’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 24 Deireadh Fómhair 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on the provision of Autistic Spectrum Disorders (ASD) and Special Classes in mainstream schools’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 24th October, 2018.”

—*Fiona O’Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[25 October, 2018]

25. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir leis an athchóiriú leanúnach ar churaclam na hArdteistiméireachta’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 24 Deireadh Fómhair 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on the ongoing reform of the Leaving Certificate curriculum’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 24th October, 2018.”

—*Fiona O’Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[8 November, 2018]

26. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le hoibriú na Scéime Iompair Scoile’, ar

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on the operation of the School Transport Scheme’, copies of which

leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 7 Samhain 2018.

were laid before Dáil Éireann on 7th November, 2018.”

—*Fiona O'Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[8 November, 2018]

27. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Thalmhaíocht, Bia agus Muir dar teideal ‘Grinnscrúdú Mionsonraithe ar an mBille um Iascach Oileáin (Ceadúnas Oidhreachta), 2017’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 8 Samhain 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Agriculture, Food and the Marine entitled ‘Detailed Scrutiny of the Island Fisheries (Heritage Licence) Bill 2017’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 8th November, 2018.”

—*Pat Deering,*
Chairman of the Joint Committee on Agriculture, Food and the Marine.
[13 November, 2018]

28. “Go dtugann Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gCoiste um Chuntais Phoiblí dar teideal ‘Tuarascáil Thréimhsiúil Uimh. 2, Samhain – Nollaig 2017’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 28 Márta 2018; agus, go háirithe, moltaí an Choiste gur chóir don Dáil díospóireacht a dhéanamh:

That Dáil Éireann notes the Report of the Committee of Public Accounts entitled ‘Periodic Report No. 2, November – December 2017’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 28th March, 2018; and, in particular, the Committee’s recommendations that the Dáil should debate:

- maidir le barrachas deiridh réamh-mheasta GNBS a úsáid; agus
- maidir le GNBS a shíos-chéimniú go hordúil nó maidir leis an bhféidearthacht breithniú a dhéanamh i dtaobh GNBS a úsáid chun críoch sonrath eile.

- the utilisation of NAMA’s projected terminal surplus; and
- the orderly wind down of NAMA or the possible consideration of NAMA for other specific purposes.”

—*Seán Fleming,*
Chairman of the Committee of Public Accounts.
[6 December, 2018]

29. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas dar teideal ‘Tuarascáil ar an nGrinnscrúdú Réamhreachtach ar Scéim Ghinearálta an Bhille um an 38ú Leasú ar an mBunreacht (Ról na mBan)’, ar leagadh cóipeanna di faoi

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Justice and Equality entitled ‘Report on Pre-legislative Scrutiny of the General Scheme of the 38th Amendment of the Constitution (Role of Women) Bill’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 6th December, 2018.”

bhráid Dháil Éireann an 6 Nollaig 2018.

—Caoimhghín Ó Caoláin,
Chairman of the Joint Committee on Justice and Equality.
[18 December, 2018]

30. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil ar an Scéim Idirchaidrimh Baile, Scoile agus Pobail’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 11 Aibreán 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on the Home School Community Liaison Scheme’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 11th April, 2019.”

—Fiona O’Loughlin,
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[16 April, 2019]

31. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil dar teideal ‘Tuarascáil maidir le hIdirghabháil i ndáil le Staidéar Náisiúnta ar Thoghcháin agus Reifrinn’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 3 Aibreán 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Housing, Planning and Local Government entitled ‘Report on Engagement on a National Election and Referendum Study’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 3rd April, 2019.”

—Maria Bailey,
Chairman of the Joint Committee on Housing, Planning and Local Government.
[8 May, 2019]

32. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht dar teideal ‘Tábhacht na nEalaíon’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 15 Bealtaine 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Culture, Heritage and the Gaeltacht entitled ‘The Arts Matter’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 15th May, 2019.”

—Aengus Ó Snodaigh,
Chairman of the Joint Committee on Culture, Heritage and the Gaeltacht.
[21 May, 2019]

33. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le Soláthar Seirbhísí do Mhic Léinn a bhfuil Siondróm Down orthu’,

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on the Delivery of Services for Students with Down Syndrome’, copies of which were laid before Dáil Éireann

ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 31 Bealtaine 2019. on 31st May, 2019.”

—*Fiona O'Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[11 June, 2019]

34. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le míchothromacht & míbhuntáiste Oideachais agus Bacainní ar Oideachas’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 5 Meitheamh 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on Education inequality & disadvantage and Barriers to Education’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 5th June, 2019.”

—*Fiona O'Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[11 June, 2019]

35. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le Scrúdú an Choiste ar Fhorchéimniú an Lucht Siúil ón mBunoideachas chuig Meánoideachas agus Oideachas Tríú Leibhéal’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 31 Bealtaine 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on the Committee’s Examination on the Progression of Travellers from Primary-, to Secondary- and Third-Level Education’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 31st May, 2019.”

—*Fiona O'Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[11 June, 2019]

36. “Go dtugann Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le scrúdú an Choiste ar Chostais Scoile, ar Shaoráidí Scoile agus ar Phríomhoidí Teagaisc’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 4 Iúil 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on Committee’s examination of School Costs, School Facilities and Teaching Principals’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 4th July, 2019.”

—*Fiona O'Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[9 July, 2019]

37. “Go dtugann Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil Eatramhach maidir le Scrúdú an Choiste ar Úsáid Reatha Amchlár Laghdaithe’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 4 Iúil 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Interim Report on the Committee’s Examination on the Current Use of Reduced Timetables’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 4th July, 2019.”

—*Fiona O’Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[9 July, 2019]

38. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid, dar teideal ‘An Tuarascáil Eatramhach Réamh-Bhuiséid, 2020’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 10 Iúil 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Select Committee on Budgetary Oversight, entitled ‘Interim Pre-Budget Report 2020’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 10th July, 2019.”

—*Colm Brophy*
Chairman of the Select Committee on Budgetary Oversight.
[11 July, 2019]

39. “Go ndéanann Dáil Éireann:

That Dáil Éireann:

a thabhairt dá haire:

notes that:

- go bhfuil vacsaíniú ar cheann de na hidirghabhálacha sláinte is mó a raibh rath orthu riamh;
- go gcoisctear bás tuairim is 2.5 milliún duine ar fud an domhain gach bliain mar gheall ar vacsaíniú;
- go bhfuil buntáistí chun leas na daonnachta bainte amach ag vacsaíniú, amhail an bholgach a dhíothú, an polaimiailíteas a dhíothú a bheag nó a mhór, cosaint ar ailse ceirbheacs agus daoine soghonta a chosaint ar fhliú;
- go bhfuil sé aitheanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go bhfuil an éiginnteacht faoi vacsaíní ar cheann de na deich mbagairt is mó ar an tsláinte dhomhanda sa bhliain 2019;
- mar gheall ar an éiginnteacht faoi vacsaíní agus na laghduithe ar rátaí vacsaínithe, gur bhris galair amach in go leor tíortha, lena n-áirítear Éire, agus go ndearnadh dochar do shláinte leanaí;

- vaccination is one of the most successful health interventions of all time;
- worldwide, vaccination prevents approximately 2.5 million deaths each year;
- vaccination has delivered such benefits to humanity as the eradication of smallpox, the virtual elimination of polio, protection against cervical cancer and protection of the vulnerable against influenza;
- vaccine hesitancy has been identified by the World Health Organization as one of the ten leading threats to global health in 2019;
- as a consequence of vaccine hesitancy and reductions in vaccination rates, outbreaks have occurred in many countries, including Ireland, and children’s health has been adversely

- go bhfuil méadú 30 faoin gcéad tagtha ar líon na gcásanna bruitíní ar fud an domhain;
- gur príomhdhúshlán don lucht ceaptha beartas, agus an éiginnteacht faoi vacsaíní á comhrac, é dul i ngleic le miotais agus mífhaisnéis a bhaineann le vacsaíniú, go háirithe i gcomhthéacs na meán sóisialta;
- gur féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin, mar a léiríodh le cur ar ceal rathúil an laghdaithe ar ghlacadh na vacsaíne in aghaidh an Phapalómaivíris Dhaonna (PVD), trí chomhiarrachtaí comhbheartaithe agus leanúnacha ar fud eagraíochtaí agus na sochaí; agus
- go bhfuil ról ríthábhachtach ag oibrithe cúraim sláinte ó thaobh obair a dhéanamh chun an cuspóir maidir le feabhas a chur ar rátaí glactha vacsaínithe a bhaint amach;

tacaíocht a thabhairt:

- dár geláir chun leanaí a imdhíonadh agus don vacsaín in aghaidh an Phapalómaivíris Dhaonna (PVD) do chailíní agus do bhuachaillí araon;
- do ghníomhaíochtaí lena neartaítear an t-idirphlé le saoránaigh, chun an fhíor-imní agus an fíor-amhras a bhíonn orthu maidir le vacsaíniú a thuiscint agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar bhealach sásúil agus ar bhonn riachtanais aonair;
- do Chomhaontas um Vacsaíní a bhunú, a mbeidh oibrithe cúraim sláinte, lucht ceaptha beartas, lucht tacaíochta othar, tuismitheoirí agus oideoirí páirteach ann, chun a chinntiú go ndéantar teachtaireachtaí cruinne, taighdebhunaithe agus seasta a scaipeadh agus a thuiscint agus go ndéantar gníomh dá réir; agus
- d'oideachas agus oiliúint leanúnach a sholáthar d'oibrithe cúraim sláinte ar vacsaíniú agus ar éiginnteacht faoi vacsaíní; agus

affected;

- there has been a 30 per cent increase in cases of measles worldwide;
- a key challenge for policy makers in combatting vaccine hesitancy, particularly in the context of social media, is tackling myths and misinformation around vaccination;
- these challenges can be addressed, as evidenced by the successful reversal of the decline in uptake of the human papillomavirus (HPV) vaccine through concerted and sustained collaborative efforts across organisations and society; and
- healthcare workers play a key role in working towards the goal of improved vaccination coverage rates;

supports:

- our childhood immunisation programmes and the HPV vaccine for both girls and boys;
- actions to strengthen dialogue with citizens, to understand their genuine concerns and doubts about vaccination and to adequately address these issues, on the basis of individual needs;
- the establishment of a Vaccine Alliance, including healthcare workers, policymakers, patient advocates, parents and educators, to ensure that accurate, evidence-based and consistent messages about vaccination are spread, understood and acted upon; and
- the provision of continuing education and training for healthcare workers on vaccination and vaccine hesitancy; and

a bheartú go dtroidfidh sí ar son, agus go dtacóidh sí leis, an líon vacsaíní leanaí agus vacsaíní in aghaidh PVD a ghlactar ar fud pobal a ardú.

resolves to champion and advocate for increased uptake of childhood vaccines and HPV vaccine across communities.”

—*An tAire Sláinte and all other members of the Fine Gael parliamentary party, Stephen Donnelly and all other members of the Fianna Fáil parliamentary party, Alan Kelly and all other members of the Labour Party parliamentary party, Louise O'Reilly and all other members of the Sinn Féin parliamentary party, Richard Boyd Barrett and all members of the Solidarity-People Before Profit group, Eamon Ryan, Catherine Martin, Thomas Pringle, Thomas P. Broughan, Joan Collins, Michael Harty.*

40. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid, dar teideal ‘Tuarascáil Ghrinnscrúdúcháin maidir le hAthbhreithniú ar Cháin Mhaoine Áitiúil’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 17 Meán Fómhair 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Select Committee on Budgetary Oversight entitled ‘Scrutiny Report on Review of Local Property Tax’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 17th September, 2019.”

—*Colm Brophy,*
Chairman of the Select Committee on Budgetary Oversight.
[18 September, 2019]

41. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le hÉisteachtaí i ndáil le Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna a Ghlacadh’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Meán Fómhair 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on Hearings Relating to the Uptake of Apprenticeships and Traineeships’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 25th September, 2019.”

—*Fiona O'Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[26 September, 2019]

42. “Go dtabharfaidh Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid dar teideal ‘An Tuarascáil Deiridh Réamh-Bhuiséid, 2020’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 26 Meán Fómhair 2019.

That Dáil Éireann shall take note of the Report of the Select Committee on Budgetary Oversight, entitled ‘Final Pre-Budget Report 2020’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 26th September, 2019.”

—*Colm Brophy,*
Chairman of the Select Committee on Budgetary Oversight.
[1 October, 2019]

ORDUITHE AN LAE
ORDERS OF THE DAY

43. Tairiscintí Airgeadais ón Aire Airgeadais [2019] (*Tairiscint 9, atógáil*).
Financial Motions by the Minister for Finance [2019] (*Motion 9, resumed*).
-
44. Ráitis roimh an gCruinniú den Chomhairle Eorpach an 17-18 Deireadh Fómhair 2019, de bhun Bhuan-Ordú 111.
Statements pre European Council meeting of 17th-18th October 2019, pursuant to Standing Order 111.
-
45. An Bille Airgeadais (Achomhairc Chánach agus an Rialachán Réamheolaire), 2019 — Ordú don Tuarascáil.
Finance (Tax Appeals and Prospectus Regulation) Bill 2019 — Order for Report.
-
46. An Bille um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha, 2019 — Ordú don Tuarascáil.
Prohibition of Nuclear Weapons Bill 2019 — Order for Report.
-
47. An Bille um Ghairmeacha Rialáilte (Sláinte agus Cúram Sóisialach) (Leasú), 2019 — Ordú don Tuarascáil.
Regulated Professions (Health and Social Care) (Amendment) Bill 2019 — Order for Report.
-
48. An Bille um Chearrbhachas agus Crannchuir (Leasú), 2019 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
Gaming and Lotteries (Amendment) Bill 2019 [*Seanad*] — Order for Report.
-
49. An Bille um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2019 — Ordú don Tuarascáil.
Gender Pay Gap Information Bill 2019 — Order for Report.
-
50. An Bille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Leasú), 2017 [*Seanad*] — Ordú don Choiste.
Landlord and Tenant (Ground Rents) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] — Order for Committee.
-
51. An Bille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2016 — Ordú don Tuarascáil.
Disability (Miscellaneous Provisions) Bill 2016 — Order for Report.
-

52. Ráitis maidir le hEaspa Dídine Daoine Óga (*atógáil*).
Statements on Youth Homelessness (*resumed*).
-
53. Tairiscintí Airgeadais ón Aire Airgeadais [2018] (*Tairiscint 4, atógáil*).
Financial Motions by the Minister for Finance [2018] (*Motion 4, resumed*).
-
54. Ráitis maidir le Cur i nGníomh na Straitéise Náisiúnta Drugaí “Dochar a Laghdú, Tacú le Téarnamh – Freagairt, atá Bunaithe ar Shláinte, d’Úsáid Drugaí agus Alcóil in Éirinn 2017 – 2025” (*atógáil*).
Statements on Implementing the National Drug Strategy “Reducing Harm, Supporting Recovery – A Health Led Response to Drug and Alcohol Use in Ireland 2017 – 2025” (*resumed*).
-
55. Ráitis maidir le Tionscadal Éireann 2040 (*atógáil*).
Statements on Project Ireland 2040 (*resumed*).
-
56. Ráitis maidir leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (*atógáil*).
Statements on the National Planning Framework (*resumed*).
-
57. Tairiscintí Airgeadais ón Aire Airgeadais [2017] (*Tairiscint 4, atógáil*).
Financial Motions by the Minister for Finance [2017] (*Motion 4, resumed*).
-
58. Tairiscintí Airgeadais ón Aire Airgeadais [2016] (*Tairiscint 2, atógáil*).
Financial Motions by the Minister for Finance [2016] (*Motion 2, resumed*).
-
59. Ráitis maidir le Torthaí Reifreann AE/RA (*atógáil*).
Statements on the EU/UK Referendum Results (*resumed*).
-
60. Ráitis maidir le Lánfhostaíocht Inchothaithe a Sheachadadh (*atógáil*).
Statements on Delivering Sustainable Full Employment (*resumed*).
-
61. Ráitis maidir le Seirbhísí Meabhair-Shláinte (*atógáil*).
Statements on Mental Health Services (*resumed*).
-
62. Ráitis maidir le hUisce Éireann (*atógáil*).
Statements on Irish Water (*resumed*).

63. Ráitis maidir le Leanaí gan Dídean (*atógáil*).
Statements on Child Homelessness (*resumed*).

64. Ráitis maidir le hUisce.
Statements on Water.

65. Ráitis maidir le Brexit (*atógáil*).
Statements on Brexit (*resumed*).

Tairiscintí (atógáil):
Motions (resumed):

66. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh dar teideal ‘Cuairt ag an gCoiste ar an mBruiséal an 7-8 Feabhra 2017’ (i ndáil leis na caibidlí a gcuirfear tús leo tar éis don Ríocht Aontaithe fógra a thabhairt don Chomhairle Eorpach go bhfuil ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach faoi Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach), ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 22 Feabhra 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on European Union Affairs entitled ‘Committee Travel to Brussels 7-8 February 2017’ (in relation to the negotiation to be commenced after the United Kingdom notifies the European Council of its intention to withdraw from the European Union under Article 50 of the Treaty on European Union), copies of which were laid before Dáil Éireann on 22nd February, 2017.”

—*Michael Healy-Rae,*
Chairman of the Joint Committee on European Union Affairs.
[9 March, 2017]

67. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil, agus Cosaint dar teideal ‘Athbheithniú ar Chlár Chúnaimh Éireann’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 21 Feabhra 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Foreign Affairs and Trade, and Defence, entitled ‘Review of the Irish Aid Programme’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 21st February, 2018.”

—*Brendan Smith,*
Chairman of the Joint Committee on Foreign Affairs and Trade, and Defence.
[24 April, 2018]

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

Gnó a ordáiodh:

P.T.O.

Business ordered:

68. An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Leasú) (Úsáid Scútar Leictreach), 2019 — An Dara Céim.
Road Traffic (Amendment) (Use of Electric Scooters) Bill 2019 — Second Stage.

—*Marc MacSharry.*

69. An Bille um Pá Íosta Náisiúnta (Séisíní Fostaithe a Chosaint), 2017 [*Seanad*] — Ordú don Choiste.
National Minimum Wage (Protection of Employee Tips) Bill 2017 [*Seanad*] — Order for Committee.

—*John Brady.*

70. Bille na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach (Leasú), 2019 — Ordú don Choiste.
Firearms and Offensive Weapons (Amendment) Bill 2019 — Order for Committee.

—*Jim O'Callaghan.*

71. An Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2019 — Ordú don Choiste.
Merchant Shipping (Investigation of Marine Casualties) (Amendment) Bill 2019 — Order for Committee.

—*Mattie McGrath.*

72. An Bille um Chonarthaí Árachais i leith Tomhaltóirí, 2017 — Ordú don Tuarascáil.
Consumer Insurance Contracts Bill 2017 — Order for Report.

—*Pearse Doherty.*

73. An Bille um Praghsáil Chothromasach ar Mhairteoil, 2019 — An Dara Céim.
Equitable Beef Pricing Bill 2019 — Second Stage.

—*Peadar Tóibín.*

74. An Bille Deochanna Meisciúla (Leasú), 2019 — An Dara Céim.
Intoxicating Liquor (Amendment) Bill 2019 — Second Stage.

—*Kevin O'Keeffe.*

75. An Bille Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) (Leasú), 2017 — Ordú don Choiste.

Social Welfare (Miscellaneous Provisions) (Amendment) Bill 2017 — Order for Committee.

—*John Brady.*

76. An Bille um Thruailliú ó Thorann (Bainistiú agus Maolú), 2019 — An Dara Céim.
Noise Pollution (Management and Abatement) Bill 2019 — Second Stage.

—*Thomas P. Broughan.*

77. An Bille Sláinte agus Sábháilteachta (Aonach Súgraidh) (Leasú), 2017 — Ordú don Choiste.
Health and Safety (Funfair) (Amendment) Bill 2017 — Order for Committee.

—*Niall Collins.*

78. An Bille Sláinte (Leasú), 2019 — An Dara Céim.
Health (Amendment) Bill 2019 — Second Stage.

—*Louise O'Reilly.*

79. An Bille Sláinte (Leasú) (Uimh. 2), 2019 — An Dara Céim.
Health (Amendment) (No. 2) Bill 2019 — Second Stage.

—*Anne Rabbitte.*

80. Bille Churrach Chill Dara (Leasú), 2019 — An Dara Céim.
Curragh of Kildare (Amendment) Bill 2019 — Second Stage.

—*Fiona O'Loughlin.*

81. Bille na dTithe (Deontas Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas), 2018 — Ordú don Choiste.
Housing (Adaptation Grant for People with a Disability) Bill 2018 — Order for Committee.

—*Willie O'Dea, Frank O'Rourke.*

82. An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Cumhacht Aireachta a Aisghairm), 2019 — An Dara Céim.
Planning and Development (Ministerial Power Repeal) Bill 2019 — Second Stage.

—*Eoin Ó Broin.*

-
83. An Bille Luachála (Leasú), 2019 — An Dara Céim.
Valuation (Amendment) Bill 2019 — Second Stage.

—*Anne Rabbitte.*

-
84. Bille Taisceadán (An Clár Maoine Luachmhaire), 2019 — An Dara Céim.
Taisceadán (Valuable Property Register) Bill 2019 — Second Stage.

—*Donnchadh Ó Laoghaire, Martin Kenny.*

-
85. An Bille Sláinte (Teidlíochtaí Liachta i dTithe Banaltrais) (Forálacha Ilghnéitheacha),
2019 — An Dara Céim.
Health (Medical Entitlements in Nursing Homes) (Miscellaneous Provisions) Bill 2019
— Second Stage.

—*Imelda Munster, Caoimhghín Ó Caoláin.*

-
86. An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Gearáin mar gheall ar Iompar Frithshóisialta agus
ar Fhailí ar an Taobh Seachtrach de Theaghaisí) (Leasú), 2019 — An Dara Céim.
Residential Tenancies (Complaints of Anti-Social Behaviour and Neglect of Dwelling
Exteriors) (Amendment) Bill 2019 — Second Stage.

—*Darragh O'Brien.*

-
87. An Bille um Eagrú Ama Oibre (Cearta Oibrithe agus Féinfhostaíocht Bhréagach) (Leasú),
2019 — An Dara Céim.
Organisation of Working Time (Workers Rights and Bogus Self-Employment)
(Amendment) Bill 2019 — Second Stage.

—*Maurice Quinlivan, David Cullinane, John Brady.*

-
88. An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Ceart chun Tithíochta), 2019
— An Dara Céim.
Thirty-ninth Amendment of the Constitution (Right to Housing) Bill 2019 — Second
Stage.

—*Thomas P. Broughan.*

-
